Tuarascáil Bhliantúil Stiúrthóir na Cartlainne

Náisiúnta, 2014

10/2015

RÉAMHRÁ

Tugann an tuarascáil seo mionsonraí maidir le hobair agus gníomhaíochta na Cartlainne Náisiúnta sa bhliain 2014.

Lean an Chartlann Náisiúnta le seilbh a fháil ar thaifid, iad a chaomhnú agus iad a chur ar fáil sa seomra léitheoireachta agus ar líne, agus le seirbhísí a sheachadadh don phobal i gcoitinne agus do ranna agus do ghníomhaireachtaí rialtais.

- Rinneamar éascú ar os cionn 5,000 cuairteoir gach aon lá chuig ár mbailiúcháin agus chuig ár seirbhísí ar líne.
- Chuireamar seirbhís ghinealais ghairmiúil saor in aisce ar fáil sa seomra léitheoireachta dóibh siúd a bhí i mbun taighde ar a gcraobh ghinealaigh.
- Tháinig os cionn 12,000 cuairteoir chuig ár láithreán i Sráid an Easpaig, laghdú de bheagán ar an mbliain roimhe seo ach a léirigh treocht ginearálta i leith úsáid acmhainní ar líne.
- Thugamar faoi raon cuairteanna láithreáin ar ranna chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid agus ar chartainne.
- Chuireamar seisiúin oiliúnaithe saincheaptha ar fáil do raon ranna agus d'oifigí cúirte maidir lena n-oibleagáide faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.
- Rinneamar bainistiú tionscadal ar líon tionscadail ar scála mór leis an Wellcome Trust maidir le taifid ospidéil agus taifid leighis.
- D'aithníomar agus chuireamar líon tionscadal chun cinn le forbairt a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht i Deich mbliana na gCuimhneachán.

Tugadh faoin obair sin go léir agus an oifig faoi réir ag ganntanas criticiúil foirne. Chuaigh an Stiúrthóir Gníomhach, Frances McGee ar scor i mí an Mheithimh 2014, agus is é an Stiúrthóir Gníomhach, Tom Quinlan a ghlac an ról nó gur ceapadh mise i mí na Nollag 2014. Is mian liom aitheantas a thabhairt don mhéid atá bainte amach ag Frances, a thiomantas agus a sheirbhís sheasmhach don Chartlann Náisiúnta agus dá cuid léitheoirí, agus do Tom a thug faoi ualach mór obair bhainistíochta chomh maith lena ghnáthdhualgas féin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus lena Roinn as an méid de mhaoiniú breise a deonaíodh don Chartlann Náisiúnta ag tarraingt le deireadh na bliana 2014 agus bhí mé in ann an maoiniú sin a shannadh d'uasghrádú a dhéanamh ar ár líonra ICT agus ar shonraí stórála chun tacú lenár dtiomantas d'Éire 2016 agus le hacmhainneacht a sholáthar do na trí bliana amach romhainn.

Faraor, mar thoradh ar an nganntanas foirne, ní raibh ar chumas na Cartlainne Náisiúnta freastal ar a cuid ceanglas reachtúla maidir le haistrithe agus diúscairtí údaraithe taifead sa bhliain 2014. Cuireadh pleananna le hacmhainneacht nua a fhorbairt d'aistrithe taifid digiteach agus taifid leictreonacha ar coimeád freisin.

Is údar imní iad na saincheisteanna foirne seo dom féin agus don fhoireann. Táthar ag súil go dtiocfaidh torthaí as na bearta as an idirbheartaíocht atá idir lámha, le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh seo sa bhliain 2015 agus ina dhiaidh sin, agus go gcuirfear an Chartlann Náisiúnta ar bhonn níos daingne ó thaobh acmhainní atá ríthábhachtach.

Buaicphointí

- Chonacthas aistrithe suntasacha sa bhliain 2014 maidir le comhaid chúirte agus ambasáide chomh maith le taifid ranna stáit.
- Lean dhá thionscadal tiomanta leis an bpróiseas chun comhaid cúiteamh airgeadais do 1916 agus comhaid cúiteamh an Chogadh Cathartha a ullmhú agus iad a chur ar fáil don phobal lena n-iniúchadh.
- D'oibrigh an Rannán Stórála Cartlainne & Caomhnaithe ar chomhaid Póilíní Chathair Bhaile Átha Cliath lena gcur ar fáil sa bhliain 2015 mar chuid do rannpháirtíocht na Cartlainne Náisiúnta i gcomóradh 2016.
- Rinneadh dul cinn ollmhór maidir le próiseáil a dhéanamh ar cháipéisí Oifig an Ard-Rúnaí a chlúdaíonn an tréimhse 1818 – 1852.
- Cuireadh uachtanna na saighdiúirí ar fáil i bhfoirm dhigitithe a chlúdaíonn an Chéad Chogadh Domhanda agus roinnt ó Chogadh na hAfraice Theas.

2014 in Uimhreacha

- Tugadh 14,854 cuairt ar ár Seomra Léitheoireachta
- Cuireadh 23,715 mír ar fáil do chomhairliúchán
- Rinneadh 7,127 cóip de thaifid
- Tugadh 18 milliún cuairt ar ár bpríomhláithreán gréasáin.
- Thug 564,188 cuairteoir uathúil cuairt ár bpríomhláithreán gréasáin
- Tugadh 146 milliún cuairt ar ár láithreán gréasáin Daonáireamh 1901/1911

Comhthéacs

Mar a chéile le hinstitiúidí cultúrtha náisiúnta eile, tá raon seirbhísí á dtairiscint ag an gCartlann Náisiúnta don phobal, go sonrach trí thaifid a dhéanamh inrochtana agus iad a chur ar fáil do lucht thaighde, lucht acadúil agus do ghrúpaí úsáideoirí eile.

Déanann an Chartlann Náisiúnta ní ionann agus institiúidí cultúrtha náisiúnta eile, áfach, seachadadh freisin ar raon seirbhísí do ranna rialtais. Is í an phríomhsheirbhís ná aistriú bliantúil taifid faoin riail 30 bliain. Ní aistrí simplí bliantúil atá i gceist le haistrithe taifead ó ranna chuig foirgneamh na Cartlanna Náisiúnta. Seachas sin cuimsíonn sé, raon dualgas discréideach ó thaobh sraith taifead a aithint, oiliúint a chur ar fhoireann na roinne, taifid a sheiceáil ar theacht isteach dóibh, bíonn athchóiriú agus thabhairt faoi obair chaomhnaithe i gceist go minic, sceideal aistrithe a chur in oiriúint mar áiseanna fála agus iad a uaslódáil ar ár mbogearraí bainistíochta cartlainne ar mhaithe lena gcur in oiriúint d'eochairfhocail inchuardaithe ar ár láithreán gréasáin. Ní chuirtear na taifid ar fáil d'iniúchadh an phobail nó go mbíonn na tascanna sin go léir tugtha chun críche.

Is sampla do chuntasacht agus do thrédhearcacht inléirithe é an t-aistriú bliantúil. Treisíonn an beart maidir leis na taifid a chur ar fáil go poiblí, an daonlathas agus ceangal an tsaoránaigh leis an Stát.

FEIDHMEANNA NA CARTLAINNE NÁISIÚNTA

Is é an bunús reachtúil príomha don Chartlann Náisiúnta an tAcht um Chartlann Náisiúnta 1986 agus na Rialacháin a rinneadh faoin Acht sin. Is comhlacht reachtúil í an Chartlann Náisiúnta laistigh den Státseirbhís. Bhí sí mar chuid de Roinn an Taoisigh nuair a bunaíodh í sa bhliain 1988. Rinneadh an fheidhm ghaolmhar a lánpháirtiú, áfach, sa phortfóilió ealaíon agus cultúr, agus ó mhí na Bealtaine 2011 is faoi chúram an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá an portfóilió.

Dílsíonn an tAcht an phríomhfhreagracht lena cur i bhfeidhm in oifig an Stiúrthóra.

Feidhmíonn an Chartlann Náisiúnta faoi rialú agus faoi bhainistíocht an Stiúrthóra, atá ceaptha ag, agus a fhreagraíonn don Aire. Tá achoimre déanta ar fheidhmeanna an Stiúrthóra in alt 4(1) den Acht. Áirítear an méid seo a leanas orthu sin:

- Rialú agus bainistiú na Cartlainne Náisiúnta;
- Caomhnú, athchóiriú, eagrú, agus tuairisciú cairteanna atá faoi choimeád na Cartlainne Náisiúnta;
- Cairteanna a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí de réir an Achta, agus cóipeanna de na cairteanna a chur ar fáil;
- Treoraithe, liostaí, innéacsaí agus áiseanna fála eile le haghaidh cairteanna, agus foilsiú cairteanna, áiseanna fála agus ábhar eile a bhaineann le cairteanna;
- Taifid Roinne a scrúdú agus a fháil de réir an Achta, agus iniúchadh a dhéanamh ar shocruithe i ndáil le caomhnú taifid Roinne;
- Taifid eile a bheidh oiriúnach le caomhnú ag an gCartlann Náisiúnta a fháil;
- Comhairle a thabhairt do chomhaltaí den Rialtas agus d'aon eagraíocht seirbhíse poiblí maidir le taifid atá faoina rialú a bhainistiú, a chaomhnú agus a atáirgeadh.

TEORAINNEACHA REACHTAÍOCHTA

Mar atá tugtha ar aird i dtuarascálacha roimhe tá sé thar am an tAcht um Chartlann Náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta.

Tá riachtanas práinneach ann go **n-áireodh an tAcht go huathoibríoch** comhlachtaí Stáit-urraithe agus clásal 'rogha an diúltaithe' a bheith ann seachas an 'rogha a bheith liostáilte' a thabharfadh comhlachtaí a bunaíodh tar éis an Achta (ar nós Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Uisce Éireann mar shampla) faoina théarmaí tagartha. Tá údar imní go háirithe ag gabháil le tabhairt san áireamh comhlachtaí den sórt sin i Reachtaíocht Saoráil Faisnéise agus Cosanta Sonraí seachas i ndlí cartlainne, agus cé go bhfuil ceanglas ar na comhlachtaí sin eolas a chur ar fáil, níl aon oibleagáid chomhfhreagrach orthu a gcuid taifead a chaomhnú.

Tugann Alt 7 den Acht um Chartlann Náisiúnta cumhacht as cuimse do Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta **teastais dhiúscartha** a cheadú. Cuireann sé sin ar chumas Comhlachtaí iarratas a dhéanamh faoin Acht le taifid a dhiúscairt, nach fiú ina dtuairim, caomhnú fadtéarmach a dhéanamh orthu. Ní raibh ar chumas na Cartlainne Náisiúnta ó bunaíodh í, áfach, dul chun cinn a dhéanamh maidir le go leor acu seo mar gheall ar leibhéil foirne neamhdhóthanach.

Go bunúsach, mar gheall ar theorainneacha acmhainní na Cartlainne Náisiúnta, tá riaráiste cruthaithe aige sin do Ranna Stáit maidir le breithmheas agus diúscairt taifid atá faoina gcúram. Leanann sé sin le stóráil taifid nach bhfuil gá leis a chruthú, go minic i saoráidí stórála tráchtála seachtrach, ar chostas agus ar chaiteachas ar chóimhéid don cháiníocóir.

Nílim sásta leis an riocht seo agus b'fhearr liom go mbeadh ar chumas na Cartlainne Náisiúnta freastal ar a cuid oibleagáidí reachtúla ó thaobh raon leathan seirbhísí cartlainne a chur ar fáil mar atá mionsonraithe san Acht um Chartlann Náisiúnta. Ní mór dom, sna himthosca reatha, rogha a dhéanamh tosaíocht a thabhairt d'aistriú bliantúil ó ranna, seachas obair bhreithmheas atá riachtanach le húdarú a dhéanamh ar thaifid lena ndiúscairt trí theastas.

Tá béim shuntasach curtha ag an ngluaiseacht i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an earnáil phoiblí ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an rialtais le "torthaí dearfacha a sheachadadh do na geallsealbhóirí go léir" Tá an Chartlann Náisiúnta in ann cur go díreach leis an bpróiseas athchóirithe i réimse breithmheasa agus diúscairt ar thaifid, agus i ndréachtú treoirlínte bainistíochta taifead.

Léirigh na stiúrthóirí a chuaigh romham, ar bhonn leanúnach, an tábhacht a bhaineann le sárchleachtas a fhorbairt do **bhainistiú taifead** ar fud na seirbhíse poiblí agus na státseirbhíse. Faigheann an Chartlann Náisiúnta an iliomad iarratas gach aon seachtain maidir le bainistiú taifead agus ní mór dom a rá arís an riachtanas práinneach fadseasmhach go gcuirfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Rialacháin i bhfeidhm sa réimse seo, á dtagraítear dó san Acht um Chartlann Náisiúnta agus in Achtanna um Shaoráil Faisnéise leanúnach.

Chuideodh rialacháin atá saintreorach agus atá dréachtaithe i gcomhoibriú leis an Chartlann Náisiúnta agus chinnteodh sruthlíniú a dhéanamh ar shaolré eolais ar fud na seirbhíse poiblí agus le buntáistí inbhraite a léiriú in aimsiú, i rochtain agus i mbainistiú taifid. Tá an Chartlann Náisiúnta toilteanach i gcónaí dul i rannpháirtíocht le agus cuidiú a thabhairt don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar Rialacháin den sórt sin agus tá súil agam bealach struchtúrtha a fheiceáil daingnithe sa bhliain 2015.

ACMHAINNÍ

Airgeadas

Chuir Vóta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta leithdháiltí airgid ar fáil don Chartlann Náisiúnta mar a leanas:

Cur Síos ar na Fomhíreanna	2013 €	2014 €
A.1 (Caiteachas riaracháin – pá na foirne buan)	2,110,000	2,160,000
A.3 Reatha (Deontas i gcabhair – fáltais a mheaitseáil ó tháillí le haghaidh cóipeanna cairteanna srl.)	53,000	40,000
A.4 Reatha	910,000	915,000
A.4 Caipitil	370,000	281,000
IOMLÁN	**3,443,000**	**3,396,000**

Baineadh úsáid as an leithdháileadh caipitil le huasghrádú a dhéanamh ar shlándáil agus ar chosaint ar dhóiteáin i láithreán Sráid in Easpaig.

Foirgneamh

Bhí fianaise ann i mí na Bealtaine 2014 maidir le meath ar aghaidh an fhoirgnimh i Sráid an Easpaig tráth ar thit píosaí den bhalla moirtéil ó aghaidh an fhoirgnimh anuas ar an tsráid a bhí thíos faoi. Aistríodh foirne ó oifigí sa chomharsanacht agus tugadh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ar an láthair le measúnú a dhéanamh ar an damáiste agus ar riocht an fhoirgnimh agus le tús a chur le hoibreacha feabhsúcháin. Bhí tús curtha leis na hoibreacha seo ag tráth scríofa na tuarascála seo, (Meán Fhómhair) agus táthar ag súil iad a thabhairt chun críche go rathúil laistigh de 12 seachtain gan cur as in aon bhealach do rochtain na foirne nó an phobail ar an fhoirgneamh.

Rinneadh cinneadh rialtais i ndeireadh na bliana 2013, agus d'fhógair an tAire a bhí ann ag an am, Jimmy Deenihan, TD, go raibh forbairt le déanamh ar stór ar láithreán Sráid an Easpaig le stóráil chartlainne thiomanta a sholáthar don Chartlann Náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn mall maidir le pleananna le hathfhorbairt an stóir i Sráid an Easpaig a chur chun cinn sa bhliain 2014 agus tugadh le tuiscint go n-eiseofaí an RFT do dhearadh an fhoirgnimh nua seo go luath sa bhliain 2015. Ag tráth scríofa na tuarascála seo bhí foireann deartha curtha le chéile.

Bhí ar an Chartlann Náisiúnta malairt chóiríochta a fhiosrú do na haistrithe bliantúla, in easnamh ionad stórála nua ar an láthair, mar nach bhfuil an cumas ag an láithreán i Sráid an Easpaig, mar atá

faoi láthair, le hábhar breise a stóráil. Fuarthas stór thráchtála seachtrach, tríd an OPW agus feistíodh an stór sin amach d'aistriú na bliana 2014. Tá conradh trí bliana comhaontaithe ag an OPW don stór seachtrach seo le saoráidí stórála teoranta a sholáthar. Ní mór don Chartlann Náisiúnta na costais a bhaineann le hábhar a aisghairm agus tabhairt ar ais idir an tsaoráid sheachtrach agus an seomra léitheoireachta i Sráid an Easpaig a chlúdach agus tá moill ama atá ag gabháil le taifid den sórt sin a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh an phobail.

Áiríodh ar obair eile foirgneamh:

- Athchóiriú cúig dhaingean i príomhstóras na Ceithre Chúirt;
- Obair dheisiúcháin le maolú a dhéanamh ar an taise i bpríomhstóras na Ceithre Chúirt;
- Fáil réidh le seilfeanna seanchaite Choimisiún na Talún ón stór;
- Athchóiriú achar stórála ar urlár 3 mar cheardlann nua; agus
- Uasghrádú cosaint soilse d'fhoirgnimh ar láithreán Shráid an Easpaig.

Foireann

Bhí leibhéil fhoirne fós mar fhadhb thromchúiseach sa bhliain 2014. Go háirithe, d'fhág dul ar scor Ceannasaí Riaracháin agus Ceannasaí ICT an Chartlann Náisiúnta gan oifigeach riaracháin sinsearach nó an acmhainn nó an cumas lena líonra ICT agus a láithreacht gréasáin a fhorbairt.

Cé nach raibh post an Stiúrthóra fós líonta sa bhliain 2014, reáchtáladh sraith comórtais inmheánach i mí an Mheithimh 2014 le róil a bhí folamh ag leibhéal rannáin agus bainistíochta a líonadh agus ceapadh dhá Choimeádaí agus dhá Chartlannaí Sinsearach. Is é an toradh a bhí ar na harduithe céime seo, áfach, ná gur cruthaíodh folúntais bhreise ag leibhéal Cartlannaí. Is é an toradh iarmhartach a bhí ar seo ná go raibh ar an fhoireann a fuair ardú céime a gcuid freagrachtaí ó dhualgais roimhe sin a choimeád chomh maith lena gcuid dualgas nua. Bhí foireann de 42 sa Chartlann Náisiúnta sa bhliain 2014 arbh ionann é agus laghdú mór ar leibhéil foriomlán foirne i gcomparáid le 2009, go háirithe ag grád cartlannaí. Bhí tionchar díreach aige sin ar chumas na Cartlainne freastal ar a hoibleagáidí reachtúil agus seirbhísí nua a fhorbairt.

ICT

Níor tugadh ach faoi mhionoibreacha ar ICT sa bhliain 2014 mar gheall ar dhul ar scor an bhainisteora ICT. Rinne an Chartlann Náisiúnta iarracht le tionscadail dhigiteacha a chur chun cinn, chun cur an méid is féidir le rochtain ar chairteanna.

Bainistíocht Riosca

Thug an Chartlann Náisiúnta a clár riosca suas chun dáta sa bhliain 2014. Tugadh ar aird na rioscaí seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe:

- Tionchar ciorruithe i maoiniú poiblí ar an gcumas an leibhéal seirbhíse a bhí beartaithe nó a rabhthas ag súil leis a chur ar fáil don phobal agus don rialtas
- Caillteanas cumas corparáidí trí scor / athimlonnú agus an mhoill a bhain le foireann athsholáthar a cheapadh
- Easpa spás stórála oiriúnach sa Chartlann Náisiúnta, a raibh neamhábaltacht taifid a fháil agus dhá bhrí sin caomhnú taifid a bhaint amach
- Easpa beartas bainistíochta taifead don earnáil Stáit
- Cailliúint taifead agus cairteanna leictreonach mar gheall ar mheath meán stórála nó nach raibh siad inrochtana mar gheall ar iomarcaíocht an chórais.
- Scrios ar nó damáiste ar chairteanna inár seilbh
- Neamhábaltacht rochtain iomlán a chur ar fáil ar bhonn cothrom dóibh siúd ar mian leo cairteanna a léamh
- Cailliúint cairteanna a bhí á dtabhairt ar ais ó léitheoirí a bhí á n-úsáid
- Scrios déanta nó damáiste déanta do chairteanna nó do thaifid a bhí a n-iompar chuig nó ónár bhfoirgnimh
- Goid cairteanna

ROCHTAIN AR CHAIRTEANNA

An Seomra Léitheoireachta

Cuireann an Chartlann Náisiúnta rochtain ar fáil ar chairteanna sa seomra léitheoireachta ó Luan go hAoine 9.15 – 5.00. Tacaíonn an láthair seo le seirbhís chomhairleach ghinealais freisin a dhéanann seirbhís chomhairleoireachta saor in aisce a chur ar fáil dóibh siúd atá i mbun fiosraithe ar stair a dteaghlaigh. Cuireann an seomra léitheoireachta rochtain ar fáil ar líon acmhainní leictreonacha ginealais agus éascaíonn féinseirbhís agus cóipeáil cairteanna ar an láthair faoi réir ag comhaontuithe agus ag ceadanna taisce.

Léitheoirí

Eisítear ticéid do léitheoirí ar feadh tréimhse trí bliana dóibh siúd a chuireann na foirmeacha céannachta cuí ar fáil. Thug thart ar 12,000 duine cuairt ar an seomra léitheoireachta sa bhliain 2014, le buaicphointe laethúil de 78 léitheoir an 19 Feabhra. Ag teacht le blianta eile, bhí mí Iúil ar an mí ba ghnóthaí le 1,127 léitheoir.

Táirgeadh agus glaoch ar ais

- Rinneadh 23,715 doiciméad a tháirgeadh sa bhliain 2014 (laghdú ar an líon de 24,867 a táirgeadh in 2013);
- Rinneadh táirgeadh ar 4,668 micreascannán (laghdú ar an 5,324 a táirgeadh in 2013);
- Ghlaoigh Ranna agus Oifigí Stáit 295 ar ais (laghdú ar an 215 comhad a ordaíodh in 2013);
- Éilíodh 566 comhad ó stóráil tráchtála seachtrach (ardú ar an 363 comhad a ordaíodh in 2013);

Ar líne

Arís eile, chonaiceamar fás suntasach ar úsáid ar líne acmhainní cartlainne a sháraíonn go mór líon na gcustaiméirí sa seomra léitheoireachta. Tacaíonn fáil a bheith ar leaganacha digiteacha de shraitheanna iomlán taifid le foirmeacha stairiúla, ginealais agus foirmeacha eile taighde agus déanann éascú ar fhiosrúcháin agus ar thaiscéalaíoch. Thug os cionn 5,000 duine cuairt ar ár sraith láithreáin gréasáin gach aon lá agus leanann an Chartlann Náisiúnta le forbairt agus leathnú a dhéanamh ar an ábhar atá acu ar líne.

Leanadh le doiciméadú rathúil a dhéanamh ar thionscnamh na míosa sa bhliain 2014. Rinneadh forbairt ar chur chuige a bhí níos spriocdhírithe le míreanna lena mbaineann ábharthacht théamach nó ama.

Leanamar le forbairt a dhéanamh ar ghinealas ar líne agus seoladh Foirmeacha Cuardaithe Daonáireamh ó 1841 – 1851, agus an méid atá fágtha den Daonáireamh roimh 1901, 1821, 1831, 1841 agus 1851. Bhí fáilte mhór ag an bpobal agus ag an bpobal ginealais roimh na taifid nua seo ar líne.

FÁIL CAIRTEANNA

Tá an Chartlann Náisiúnta faoi shainordú de réir dlí, taifid chartlainne ó fháil ó Ranna Stáit agus óna cúirteanna faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986. Tá an oifig cumhachtaithe freisin le taifid agus

doiciméid a fháil, sa chás go mbreithnítear gur fiú iad a chaomhnú, áit a ndéanann siad comhlánú ar thaifid atá i seilbh na Roinne cheana féin nó sa chás go bhfuil an chontúirt ann go scriosfaí iad.

Taifid a aistríonn Ranna Stáit

Déantar achoimre in Aguisín ar leithligh ar thaifid ó ranna rialtais a bhfuair an Chartlann seilbh orthu le linn na bliana 2014. Tá siad sin comhdhéanta de thart ar 30,830 comhad aonair roinne. Níl thart ar 25,900 comhad as an méid sin (comhdhéanta de dhá aistriú taifead Choimisiún Talún na hÉireann a fuair an Chartlann ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) curtha ar fáil don phobal fós agus is mar thoradh díreach ar ghanntanas spáis stórála sa Chartlann Náisiúnta é sin.

Aistriú Taifid ón na Cúirteanna agus ón Oifig Phrobháide

Tá achoimre déanta ar thaifid a fuarthas ó oifig na gCúirteanna agus ón Oifig Phrobháide in Aguisín ar leithligh. Tá siad sin comhdhéanta de thart ar 37,400 comhad agus imleabhar aonair.

Leanadh, le linn na bliana 2014, le comhairle a thabhairt do agus oiliúint a chur ar an tSeirbhís Cúirteanna maidir le nósanna imeachta aistrithe. Tá riaráiste suntasach, áfach, de thaifid ó Chúirteanna éagsúla le haistriú chuig an gCartlann Náisiúnta fós, lena n-áirítear, taifid ón gCúirt Uachtarach, ón Ardchúirt, ó Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, ó Chúirt Chuarda Laoise, Cúirt Chuarda Liatroma agus Cúirt Chuarda Loch Garman. Fuarthas cúig aistriú ollmhóra ó Chúirt Chuarda Chorcaigh agus Cúirt Chuarda Chill Dara le linn na bliana 2014, níl aon chuid de na taifid sin curtha ar fáil don phobal go dtí seo, mar gur chuir leibhéal neamhdhóthanach foirne laistigh den Chartlann Náisiúnta cosc ar a bpróiseáil.

Taifid Roinne a d'aistriú Comhlachtaí Sceidealta

Níl ar chumas na Cartlainne Náisiúnta seilbh a ghlacadh fós ar lear mór taifead atá réidh lena aistriú ó roinnt mhaith de na 61 comhlacht atá liostaithe i Sceideal an Achta um Chartlann Náisiúnta, mar go bhfuiltear ag feitheamh le cóiríocht bhreise a chur ar fáil.

Glacadh seilbh ar thaifid ó Oifig Rúnaí an Uachtaráin; Oifig an Ard-Aighne agus Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) sa bhliain 2014 agus tá achoimre déanta orthu san Aguisín ábhartha. Tá siad sin comhdhéanta de thart ar 13,052 comhad aonair. Níl thart ar 11,100 comhad as an méid sin (comhdhéanta d'aistriú taifead de chomhaid comhlachtaí atá díscaoilte ón CRO (2013/49)) curtha ar fáil don phobal fós agus is mar thoradh díreach ar ghanntanas spáis stórála sa Chartlann Náisiúnta é sin.

Taifid neamhrannach

Clúdaíonn an téarma 'taifid neamhrannach' raon leathan taifid ar dhéileáil an Chartlann Náisiúnta leo agus nach bhfuil clúdaithe ag forálacha mionsonraithe an Achta Um Chartlann Náisiúnta a bhaineann le taifid Rannach. Áirítear leis na taifid neamhrannach sin, taifid comhlachtaí Státurraithe, seirbhísí sláinte agus ospidéil, chomh maith le taifid a fuarthas ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha eile.

Is féidir leis an Chartlann Náisiúnta taifid a fháil ó chomhlachtaí Státurraithe, faoin Acht, agus comhairle a chur ar chomhlachtaí Státurraithe maidir le bainistíocht, caomhnú agus atáirgeadh taifid atá faoina smacht. Níl comhlachtaí Státurraithe faoi oibleagáid a gcuid taifead a chaomhnú ná iad a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí, nó taifid a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta. Is

fíorbheagán acu a d'aistrigh a gcuid seanchomhaid nó a rinne socruithe eile lena gcaomhnú agus iad a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí sa Chartlann Náisiúnta. Ní bhfuarthas ach cion beag de thaifid den sórt sin – fuair an Chartlann Náisiúnta imleabhair bhreise Ospidéal an Choim sa bhliain 2014.

Faoi Alt 80 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá údaráis áitiúil freagrach as bainistíocht, coimeád, cúram agus caomhnú a dhéanamh ar a gcuid taifead féin agus as iad a chur ar fáil le haghaidh iniúchadh poiblí nuair atá siad os cionn 30 bliain. Faoi Alt 4 (1) (e) den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, is féidir leis an gCartlann Náisiúnta comhairle a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le bainistíocht, caomhnú agus atáirgeadh taifid atá faoina smacht. Cuireadh Comhairlí Baile ar ceal i mí an Mheithimh 2014 nuair a cuireadh an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 i bhfeidhm agus eisíodh litir ón Stiúrthóir Gníomhach chuig cathaoirleach gach aon Chomhairle Bhaile a bhí ag dul as oifig ag meabhrú a gcuid oibleagáidí dóibh faoin Acht maidir le foráil chuí a dhéanamh dá gcuid taifead.

Taifid a fuarthas ó fhoinsí poiblí agus príobháideach eile

Is féidir leis an Chartlann Náisiúnta taifid a fháil ó fhoinsí eile, poiblí agus príobháideach araon, trí cheannach, mar bhronntanas, mar thiomnacht nó ar iasacht, de réir an Achta um Chartlanna Náisiúnta. Tá achoimre déanta ar an gcuid is tábhachtaí a fuarthas ó fhoinsí príobháideacha le linn na bliana 2014 in aguisín ar leithligh.

Taifid ó Eaglais na hÉireann

Le linn na bliana 2014, lean an Chartlann Náisiúnta ag comhoibriú le Leabharlann Chomhlacht Ionadaíoch na hEaglaise chun caomhnú cláir pharóiste Eaglais na hÉireann a chinntiú (baisteadh agus adhlacadh níos faide siar ná 1871 agus pósadh níos faide siar ná 1845) a bhfuil an stádas dlíthiúil céanna acu le cairteanna atá sa Chartlann Náisiúnta. Leanadh le comhoibriú freisin maidir le cead a thabhairt le cláir a innéacsú, grianghraif a thógáil dóibh nó iad a atáirgeadh.

Áiseanna fála

Tá cruthú áiseanna fála ar cheann de phríomhfheidhmeanna na Cartlainne Náisiúnta agus le héascú a dhéanamh ar chuardach agus aisghabháil cairteanna d'úsáideoirí agus don fhoireann. Cuirtear na háiseanna fála seo ar fáil i gcóip chrua inár Seomra Léitheoireacht agus ar ár láithreán gréasáin araon ag http://www.nationalarchives.ie/search-the-archives.

Tá cruthú áiseanna fála i gceist leis an sreabhadh oibre ar bhailiúcháin cairteanna nach bhfuil catalógú déanta orthu go dtí seo, sceideal taifid atá aistrithe ag Ranna agus ag na Cúirteanna a chuir in oiriúint le háiseanna fála nua a chruthú agus áiseanna fála oidhreachta a thiontú ó chóip chrua chuig formáid leictreonach. Tugtar faoin obair seo de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta Ginearálta um Thuairisc Chartlainne, ISAD(G), Treoirlínte na hÉireann um Thuairisc Chartlainne agus treoir maidir le stíl eagarthóireachta na Cartlainne Náisiúnta.

Baintear úsáid as Adlib (bogearraí tionscalchaighdeánach catalógaithe) chun bainistíocht a dhéanamh ar sreabhadh oibre áiseanna fála, lena n-áirítear seachadadh sonraí chuig láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta. Déanann sé sin éascú ar idir-inoibritheacht sonraí ag cur ar chumas na Cartlainne Náisiúnta a bheith rannpháirteach i dtionscal APEx an Choimisiúin Eorpaigh. Rinneadh uaslódáil le linn na bliana 2014 ar os cionn 71,000 iontráil catalóige aonair ar chóras Cartlainne Adlib agus cuireadh ar fáil iad ar mhaithe le cuardach ar líne.

Chomh maith leis an obair leanúnach chun sceidil a chur in oiriúint do thaifid a aistríonn na Ranna agus na Cúirteanna ar bhonn bliantúil le háiseanna fála a chruthú, leanadh le tiontú aisghabhálach áiseanna fála oidhreachta i gcóip chrua chuig formáid dhigiteach le linn na bliana 2014 agus leanadh le hobair bhreise ar shocrú, liostú agus cur i mbosca taifid nach bhfuil liostaithe cheana féin agus atá i seilbh na Cartlainne Náisiúnta.

Breithmheas ar thaifid roinne a bhfuil sé beartaithe iad a scrios

Eisíodh trí údarú le haghaidh taifid a dhiúscairt sa bhliain 2014 maidir le taifid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Taifid Leictreonacha
Ní raibh ar chumas na Cartlainne Náisiúnta aon acmhainn a fhorbairt i réimse bainistíochta taifid leictreonach. Tá sé seo ag tarlú ag am ina bhfuil gá atá glórach agus atá ag dul i méid le haghaidh treoirlínte ar bhreithmheas, teacht i seilbh agus caomhnú taifid leictreonach ar nós ríomhphoist, comhaid phróiseála focal agus bunachar sonraí. Meastar iomadú taifid leictreonach agus taifid a cruthaíodh i gcórais gnó leictreonach mar bhuama ama digiteach mura ndéantar forbairt ar nósanna imeachta agus beartais le bainistíocht a dhéanamh ar an ábhar seo. Cé gur lean an Chartlann Náisiúnta le hiarratais a fháil ó Ranna agus ó chomhlachtaí eile maidir le comhairle agus treoir sa réimse seo, ní raibh ar a cumas acmhainní a shannadh don tasc ríthábhachtach seo.

CAOMHNÚ CAIRTEANNA

Boscaí agus fillteáin chartlainne

Leanadh le hobair le feabhas a chur ar choinníollacha stórála sa bhliain 2014. Ceannaíodh os cionn 4,000 bosca cartlainne, mar chuid den obair seo, do stór na Cheithre Chúirt le héascú a dhéanamh ar bheartáin agus ar imleabhair a chur i mbosca. Leanadh le hobair i Sráid an Easpaig le hathphacáil a dhéanamh ar iatáin nach iatáin chartlainne a bhí iontu agus iad a chur i mboscaí agus i bhfillteáin chartlainne. Go háirithe, ceannaíodh fillteáin chartlainne saincheaptha do bhailiúcháin Pléadálacha Seansaireachta.

Bainistíocht Láithreáin

Leanadh le hobair seilfliosta do na haistrithe nua bailiúcháin go léir agus le leasú a dhéanamh ar láithreáin agus iad a thabhairt cothrom le dáta mar thoradh oibreacha foirgnimh agus tionscadal cur i mboscaí arís.

Caomhnú

Leanadh le raon leathan bailiúcháin a chaomhnú ar feadh na bliana 2014. Tugadh faoi chaomhnú i dtéarmaí bunúsacha príomha (tirimghlanadh agus cothromú) le feabhas a chur ar choinníollacha an bhailiúcháin agus rochtain a fheabhsú araon chuig na cairteanna seo. Tugadh faoi chóireálacha teicniúla caomhnaithe a bhí thar a bheith casta freisin, agus rinneadh forbairt ar go leor acu sin go sonrach ar mhaithe lenár mbailiúcháin (foirmeacha iarratais deontais Pléadálacha Seansaireachta agus Scoil Náisiúnta).

Cruthaíodh liostaí tosaíochtaí i gcomhairliúchán leis an mbainistíocht shinsearach. Rinne sé sin éascú ar phleanáil fhadtéarmach agus ar bhainistíocht tionscadal éifeachtach. Leanadh, le héifeachtúlacht

a bhí i bhfad níos fearr, le freastal ar obair chaomhnaithe a raibh éilimh a bhí níos práinní ag gabháil leo ar mhaithe le rochtain úsáideora ar chairteanna i ngrúpaí beaga nó i gcairteanna aonair.
Bhí aithint tionscadail shonracha agus daingniú maoiniú seachtrach (Wellcome Trust, an Oifig Luachála agus an Chomhairle Oidhreachta) lárnach i mbaint amach ráta ard táirgiúlachta. Thug caomhnóirí ar chonarthaí gearra faoin obair go léir a bhí maoinithe go seachtrach faoi threoir theicniúil agus maoirseachta ár gcaomhnóra aonair buan.

Leanadh leis an gclár scoláireachta caomhnaithe trí thacaíocht na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Chuir na socrúcháin bliana seo do na céimithe is déanaí le hardú ar an méid ábhair a caomhnaíodh ar bhonn bliantúil. Chuir an clár seo le próifíl idirnáisiúnta caomhnaithe sa Chartlann Náisiúnta mar gur tháinig na céimithe is déanaí ón Ríocht Aontaithe agus ón Eoraip. Bhaineamar cáil mhór amach as cáilíocht na treorach mhaoirseachta a chur an clár ar fáil.

Tugann an tAonad Caomhnaithe tacaíocht do go leor gníomhaíochtaí croíláir ar fud na Cartlainne Náisiúnta ar nós sainoiliúint i bpríomhscileanna caomhnaithe, comhairle láimhseála, agus treoir dár bhfoireann, don rialtas agus do chomhlachtaí seachtracha. Tá forbairt déanta ar fhor-rochtain trí ailt a foilsíodh i bhformáid phriontála agus gréasáin chomh maith le héascú a dhéanamh ar thurais a shainmhíníonn obair na rannóige do chuairteoirí agus don fhoireann.

Sampla de staitisticí caomhnaithe

Léarscáileanna na hOifige Luachála	1, 234 caomhnaithe
Foirmeacha iarratais deontais Scoileanna Náisiúnta	2, 218 caomhnaithe
Oifig an Phríomh-Rúnaí 1826-1827	1,693 leathanach
Comhaid an *Property Losses (Ireland) Committee*	6,354 glanta agus athchóirithe
Comhfhreagras 1916 Oifig an Phríomh-Rúnaí	2,453 ullmhaithe ag Tionscadal Litreacha 1916 le híomhánna a dhéanamh dóibh
Iarratais ó úsáideoirí	124 mír ullmhaithe le haghaidh rochtain agus réamh-íomháú

Digitiú

Tháinig laghdú ar obair an aonaid micreascannánú le linn na bliana 2014 le teacht chun cinn an digitithe. Cé nár cuireadh tús le haon tionscadail nua, leanadh le hobair a dhéanamh ar thionscadail a raibh tús curtha leo cheana féin, go háirithe caomhnú micreascannánúcháin ar Leabhair Ainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis.

Tugadh faoi uasghrádú ar na léitheoirí micreascannáin sa Seomra Léitheoireachta. Ceannaíodh trí mheaisín nua Scanpro, a suiteáladh in áit na léitheoirí micreascannáin a bhí níos sine.

Scoir an Chartlann Náisiúnta d'oibriú an aonaid micreascannáin ag deireadh na bliana 2014, agus bhog i dtreo digitiú ionadach mar mheicníocht caomhnaithe. Coinneofar an trealamh atá ar marthain i gcás go mbeadh gá amach anseo le caomhnú micreascannáin ardspeisialtachta nó gá sonrach le dúbailt a dhéanamh ar spóil mhicreascannáin.

Tá na cúiseanna a bhí leis an athrú i dtreo digitiú ionadach mar mheicníocht caomhnaithe mar a leanas:

- Comhoiriúnacht le meáin eile
- Níos éasca le dúbailt
- Níos éasca le cur isteach i dtimpeallacht stórála bainistithe
- Freastal ar riachtanais úsáideora deiridh
- Is féidir úsáid a bhaint as scanadh mar mheán caomhnaithe agus rochtana araon
- Níl aon ghá le saintrealamh lena fheiceáil
- Tá an cumas ag digitiú dul trí bhogearraí Aitheanta Optúla Carachtar le téacs atá inléite ag meaisín a chruthú

Cuimsíonn digitiú na cóipeanna laethúil a ordaíonn an pobal chomh maith le tionscadail caomhnaithe. Chun an tseirbhís a fheabhsú ceannaíodh trealamh nua grianghrafadóireachta agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann. Áirítear ar thionscadail a ndearnadh obair orthu le linn na bliana 2014:

- Uachtanna Saighdiúirí. Cuireadh an cnuas deiridh d'uachtanna saighdiúirí do na blianta 1918-1922 le fáil saor in aisce ar líne. Tá an bailiúchán iomlán de 9,244 uachta do na blianta 1898-1922 inrochtana ar líne anois. D'fhoilsigh líon meáin airteagail maidir leis an tionscadal agus leis an mbailiúchán, lena n-áirítear an '*Irish Independent', TheJournal.ie, RTÉ agus BBC Northern Ireland;*
- Cláir Vótálaithe. Rinneamar digitiú, i gcomhthionscadal le Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath ar Chláir Vótálaithe Bhaile Átha Cliath 1913-14. Tá an 88 imleabhar seo saor in aisce ar líne ar líne ar láithreán gréasáin Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath.
- ED/1. Bhí micreascannánú le déanamh i dtús báire ar iarratais deontais d'fhoirgneamh agus d'fheistiú scoileanna náisiúnta, ach rinneadh cinneadh, áfach, digitiú a dhéanamh ar an mbailiúchán seo agus cuireadh tús leis an obair in 2014.

Cóipeanna a cuireadh ar fáil don phobal

- 10,183 leathanach de chóipeanna (laghdú ar an 10,694 leathanach in 2013);
- 951 cóip d'ordaithe deimhnithe (laghdú 1,078 ar ordaithe 2013)

TIONSCADAIL LENA mBAINEANN CAIRTEANNA

Tionscadal Tiomnachta Crowley

Leanadh le hobair a dhéanamh ar chatalógú taifid Oifig an Phríomh-Rúnaí do 1826-28 tar éis dhá chartlannaí a fhostú sa bhliain 2013. Rinneadh catalógú freisin ar chohóirt de thaifid luachmhara a bhain leis an gCumann Caitliceach in 1828, an tréimhse suas go dtí Fuascailt na gCaitliceach. Táthar ag súil béim a chur ar na taifid seo in 2015.

An Coimisiún Eorpach agus APEX

Sa bhliain 2012, chuaigh an Chartlann Náisiúnta isteach sa líonra ***A**rchives **P**ortal **E**urope*, líonra sármhaitheasa (APEx) – creat de chartlanna Eorpacha chun comhoibriú le rochtain feabhsaithe ar a n-ábhar ar líne. Tá APEx á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus tá ardú agus feabhsú le linn a shaolré (2012–2015), tagtha ar bhonn rialta ar chomhaltas a thairsí, ábhar agus feidhmiúlacht.

Tionscadail an Wellcome Trust

Cairteanna Ospidéil Ghráinseach Gormáin: Tionscadal an *Wellcome Trust*, blianta 1 agus 2
Bronn an *Wellcome Trust* dhá dheontas in 2012 agus 2013 le maoiniú a dhéanamh ar an obair ar chairteanna Ospidéil Ghráinseach Gormáin. Thug foireann tionscadail a bhí comhdhéanta de Chartlannaí, Caomhnóir, Cúntóir Tionscadail agus Cúntóir Caomhnaithe faoin obair. Rinneadh dul chun cinn thar na bearta ar ghlanadh, socrú, liostáil agus caomhnú an bhailiúcháin agus tugadh an tionscadal chun críche i Meán Fómhair 2014.

Bunaíodh Ospidéal Gráinseach Gormáin mar an *Richmond Asylum* in 1814 a bhí sí ar an ospidéal síciatrach ba mhó agus ba thábhachtaí in Éirinn. Tá na cairteanna ar an mbailiúchán is mó in Éirinn de chairteanna ospidéil. Táimid buíoch den *Wellcome Trust* agus don fhoireann bhainistíochta in Ospidéal Ghráinseach Gormáin (Naomh Breandán) as ucht a dtacaíocht.

Tionscadal Cairteanna Ospidéil Bhaile Átha Cliath: Tionscadal an *Wellcome Trust*

Bronn an *Wellcome Trust* deontas sa bhliain 2014 le maoiniú a dhéanamh ar chairteanna aon ospidéal déag i mBaile Átha Cliath atá i seilbh na Cartlainne Náisiúnta faoi láthair. Tá foireann tionscadail atá comhdhéanta de chartlannaí agus do chúntóir caomhnaithe ag tabhairt faoin obair. Meastar go mairfidh an tionscadal 12 mí. Tá socrú cartlainne maidir le bailiúcháin i gceist leis, cruthú áiseanna fála a thagann le sárchleachtas idirnáisiúnta, caomhnú, glanadh agus cumhdach taifid agus ullmhú cleachtadh grádaithe tosaithe caomhnaithe taifid le míreanna a aithint lena roghnú do dheisiú caomhnaithe.

Mar gheall ar eolas pearsanta atá goilliúnach i dtaifid ospidéal Ghráinseach Gormáin agus ospidéil eile i mBaile Átha Cliath; chuir saincheisteanna rochtana rith tréimhse an dá thionscadal (lena n-áirítear, iarratais Saoráil Faisnéise agus iarratais ar rochtain ar thaighde faoi phribhléid ar na taifid is déanaí) eolas ar fáil do dhréachtú beartas rochtana taighde do thaifid ospidéil atá faoi chúram na Cartlainne Náisiúnta. Tá an beartas rochtana seo á ullmhú le cur faoi bhráid na n-údarás ábhartha lena cheadú.

Suirbhé Náisiúnta ar Thaifid Ospidéil

Tá an Suirbhé Náisiúnta ar Thaifid Ospidéil ar an tríú tionscadal de chuid an *Wellcome Trust*. Is í aidhm bhunúsach an tsuirbhé a fháil amach cé na cineálacha taifead a mhaireann d'ospidéil agus d'institiúidí cúraim sláinte, na raonta aoise do na sraitheanna éagsúla taifead atá ann agus a gcáilíocht foriomlán. Is í an bhliain 1970 an scoithdháta do na taifid atá á scrúdú. Cruthaíodh liosta cuimsitheach contae ar chontae agus cuireadh ainmneacha agus mionsonraí teagmhála le chéile do gach láthair. Beidh tuarascáil chuimsitheach ar fáil ag deireadh an tsuirbhé, ar bhonn contae ar chontae, le liostaí taifid atá i ngach aon ospidéal agus i ngach institiúid cúram sláinte i ngach aon chontae, a láthair agus a stair riaracháin. Beidh an suirbhé críochnaithe an 18 Nollaig 2015.

Tionscadail atá maoinithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Fuair an Chartlann Náisiúnta leithdháileadh maoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sa bhliain 2014, le dul i mbun oibre ar thionscadail a bhain le comóradh. Cheadaigh an Roinn €75,000 go luath sa bhliain 2014 le tabhairt faoi obair chaomhnaithe agus catalógaithe ar chairteanna an *Property Losses (Ireland) Committee* agus ar Scéimeanna Cúitimh Chogadh na Saoire agus Cogadh Cathartha na Roinne Airgeadais. Ceadaíodh suim bhreise de €28,800 i mí an Mheithimh 2014 le cead a thabhairt le tabhairt faoi obair dhigitithe ar thaifid an *Property Losses (Ireland) Committee*. Baineadh úsáid as an maoiniú le seirbhísí go leor daoine aonair a choimeád ar bhun conarthaí do sheirbhísí le tabhairt faoi ghnéithe éagsúla den obair laistigh den dá thionscadal.

Taifid an *Property Losses (Ireland) Committee* (PLIC) 1916

Bunaíodh an *Property Losses (Ireland) Committee* le measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chúiteamh ar dhamáiste a tharla do mhaoin i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath mar thoradh ar Éirí Amach 1916. Tá bailiúchán 'PLIC' 1916 atá sa Chartlann Náisiúnta comhdhéanta de 6,565 comhad aonair, a bhí coinnithe i 167 bosca cairteanna ar dtús. In ainneoin na spéise ollmhór maidir le taighde a d'fhéadfadh a bheith ann, níor cuireadh an bailiúchán ar fáil don phobal riamh agus tá sé fós gan catalógú agus is beag eolas a bhí ina leith go dtí lár na bliana 2014.

Tugadh caomhnú agus obair chatalógú ar 6,565 comhad aonair chun críche i mí an Mheithimh 2014. Cuireadh tús le digitiú a dhéanamh ar na taifid i mí Meán Fómhair 2014 agus táthar ag súil go mbeidh an obair críochnaithe faoi mhí na Nollag 2014/Eanáir 2015.

Comhaid maidir le Cúiteamh Airgid

Mar chuid dá chuid tionscadail Deich mBliana na gCuimhneachán, tá an Chartlann Náisiúnta ag déanamh liosta faoi láthair de shraith de chomhaid Cúiteamh Airgid (iarsosa) (FIN/COMP/2) a dhéileálann le cúiteamh faoin Acht um Dhíobháil do Mhaoin (Cúiteamh) 1923 do chúiteamh le haghaidh cailliúint nó damáiste maoine a tharla mar gheall ar ghníomh míleata le linn na tréimhse 1921–1923. Is féidir pictiúr mionsonraithe a chur le chéile do gach eachtra a bhí mar chúis le cailliúint, nó damáiste do mhaoin le linn an chogaidh cathartha agus úsáid a bhaint as na comhaid seo.

Glan cúntóirí tionscadal agus caomhnaithe 7,845 comhad d'ocht gcontae le linn na bliana 2014, cuireadh i mboscaí cartlainne eile iad, rinneadh iad a liostáil agus cuireadh ar fáil iad ar láithreán gréasáin na Cartlainne Náisiúnta lena gcuardach.

DEICH mBLIANA DE THIONSCADAIL COMÓRTHA

Bhí Ceannasaí na dTionscadal Speisialta gníomhach ar líon coistí a bhain leis na deich mbliana: Coiste Stiúrtha do Mhúsaem réamh-mheasta an GPO; Coiste Stiúrtha a *Irish Times*; Coiste Stiúrtha an ICTU; Coiste Stiúrtha na gComhad Pinsean Seirbhíse Míleata; Coiste Comhairleach *Céad Bliain na hÉireann*; Litreacha Choiste Comhairleach 1916.

Ghlac an Chartlann Náisiúnta le leaganacha digiteach de thuarascálacha bliantúla priontáilte de Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann don tréimhse 1901-25, agus chuir láithreán gréasáin le chéile chun comhthéacs agus íomhánna a chur leo. Táthar ag súil é a sheoladh sa bhliain 2015.

Chuir Ceannasaí na dTionscadal Speisialta tús le comhoibriú idir an Chartlann Náisiúnta, an Músaem Náisiúnta, Dún Uí Choileáin agus *ANU Productions* le píosa amharclainne mionsamhla tríthoiseach ar an láthair a chruthú i nDún Uí Choileáin sa bhliain 2015, le taithí roinnt de Fhiúsailéirí Bhaile Átha Cliath a thraenáil ansin sa bhliain 1915 a léiriú, sular cuireadh go Gallipoli iad, áit a bhfuair a bhformhór bás. Seolfar an léiriúchán i mí Feabhra 2015.

Doiciméid ar Bheartas Eachtrach na hÉireann

Seol an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Imleabhar IX, *Documents on Irish Foreign Policy*, *1948 -5,* i mí na Samhna 2014 i dTeach *Iveagh*. Is comhpháirtíocht le fada idir an Chartlann Náisiúnta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Acadamh Ríoga na hÉireann an tionscadal seo. Tháinig formhór na ndoiciméad a scríobhadh amach ina n-imleabhar ó bhailiúcháin na Cartlainne Náisiúnta. Tá láithreacht shuntasach ar líne ag an tionscadal ag www.difp.ie, áit a bhfuil imleabhair ó 1919 ar aghaidh le fáil saor in aisce.

Taispeántais

Rinne Ceannasaí na dTionscadal Speisialta bainistíocht tionscadal agus chruthaigh mórthaispeántas grafach ar Mhuintir na hÉireann i Stáit Aontaithe Mheiriceá, *Fame, Fortune and Sweet Liberty,* a taispeánadh ag *ifest*, aonach trádála agus cultúrtha a reáchtáladh i mBostún i mí Mheán Fómhair 2014. Bhí léachtaí ó shaineolaithe, lena n-áirítear an tOllamh Joe Lee agus t-iriseoir Fintan O'Toole in éineacht leis an taispeántas, agus clár de scannáin Éireannacha a bhí ábhartha don ábhar. B'ionann líon na daoine a tháinig chuig an *ifest,* agus thart ar 12,000 in aghaidh an lae, agus chonaic líon mór daoine an taispeántas Éireannach agus tháinig siad le féachaint ar na scannáin freisin. Táthar ag súil an taispeántas a chur ar taispeáint ag consalachtaí i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag tosú amach le Consalacht Nua-Eabhrac in 2015.

For-rochtain

Bhí an Chartlann Náisiúnta Rannpháirteach freisin, chomh maith le hinstitiúidí náisiúnta cultúrtha eile, i dtionscnamh *Digital Repository of Ireland*, *Inspiring Ireland*, a chruthaigh sárthaispeántas láithreáin gréasáin do sheoda cultúrtha faoi úinéireacht an Stáit. Bhain an láithreán gréasáin trí ghradam ríomhRialtas na hÉireann amach.

Bhí an iliomad cur i láthair ann ar ábhair seachas ginealas ar feadh na bliana, ag ionaid, lena n-áirítear, comhdháil náisiúnta Chumann Músaem na hÉireann i bPort Láirge, *History Festival of Ireland* i gCeatharlach, an *Hay Festival* i gCeanannas i gContae na Mí agus Músaem Beag Bhaile Átha Cliath. Cuireadh ceardlanna spriocdhírithe ar fhoinsí ar fáil do mhic léinn iarchéime staire ó Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh.

Rinneadh an iliomad agallaimh raidió agus teilifíse, ar ábhar deich mbliana na gCuimhneachán den chuid is mó.

Rinne foireann na Cartlainne Náisiúnta éascú ar ghrúpaí éagsúla turais, léachtaí, taispeántais, comhairle agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla sa bhliain 2014.

Reáchtáil an Chartlann Náisiúnta a Lá Oscailte bliantúil an 11 Meán Fómhair.

Conclúid

Lean an Chartlann Náisiúnta le raon seirbhísí reachtúla agus seirbhísí eile a chur ar fáil do ranna rialtais, do ghníomhaireachtaí, lucht acadúil, lucht taighde agus don phobal i gcoitinne sa bhliain 2014.

Lean sí de chairteanna a chur ar fáil le hatáirgeadh a dhéanamh orthu agus le haghaidh staidéar príobháideach agus le cuidiú le hinstitiúidí i bhfoilsiú ábhar fógraíochta.

Agus rinneadh é sin go léir ar na hacmhainní a bhí sannta do Chartlann Náisiúnta ag an am agus is ionann é agus teistiméireacht dá foireann, a mbraistint ghairmiúil agus a dtiomantas do sheachadadh seirbhíse.

Tá súil agam go mbeidh tuarascálacha amach anseo in ann feabhsúcháin i leithdháileadh foinsí breise a léiriú chun tacú leis an Chartlann Náisiúnta a cuid seirbhísí a fhorbairt le freastal níos fearr ar a cuid freagrachtaí agus le leanúint le torthaí dearfacha a sheachadadh.

John McDonough

An Stiúrthóir

AGUISÍN 1 – CAIRT EAGRAÍOCHTA

National Archives Organisational Structure December 2014



AGUISÍN 11 – 2014 I bhFIGIÚIRÍ

Líon na gCustaiméirí	IOMLÁN
Léitheoirí	11,230
Cuairteoirí – grúpaí, 9.15 - 5.00	283
Cuairteoirí – grúpaí, 5.00 - 7.00	164
Cuairteanna – Laethanta Oscailte, srl.	91
Ticéid Léitheoirí a eisíodh	3,644
Seirbhís Ghinealais	1,935
Cartlannaí ar Dualgas – glaonna teileafóin	1,306
Fiosruithe taighde a freagraíodh	2,800[1]
Léiriúcháin	
Míreanna a éilíodh	23,715
Micreascannáin a Éilíodh	4,668
Aisghairm	295
Aisghabhálacha Tráchtála	566
Cóipeanna	
Líon cóipeanna deimhnithe	620
Líon Cóipeanna Neamhdheimhnithe – ar an iomlán	700
Líon Cóipeanna Tiomnaithe	546
Líon orduithe cóipeála deimhnithe	951
Líon leathanaigh le deimhniú	3,056
Líon cóipeanna *instant pages*	2,871
Líon orduithe cóipeála	218
Líon leathanaigh a cóipeáladh	4,256
Ar líne	
Cuairteanna ina n-iomláine (Máthairláithreán)	17,960,810
Cuairteoirí ina n-iomláine (Máthairláithrean)	564,188
Cuairteanna in iomláine (Láithreán Daonáireamh)	146,135,936
Cuairteoirí in iomláine (Láithreán Daonáireamh)	1,537,055

[1] Tá an figiúir bunaithe ar mheánuimhir in aghaidh na míosa

AGUISÍN III – COMHAIRLE AGUS OILIÚINT

Lean an Chartlann Náisiúnta le comhairle bainistíochta taifead agus oiliúint a sholáthar do ranna rialtais agus do sheirbhísí na gCúirteanna le linn na bliana 2014 ar shaincheisteanna maidir leis an Acht um Chartlann Náisiúnta a chomhlíonadh. Ceanglaíodh oiliúint foireann na seirbhísí Cúirteanna agus ranna rialtais le cuairteanna ar oifigí na Cúirte Cuarda, arna cheadú ag acmhainní foirne.

Cuireadh comhairle air agus tugadh cúnamh do dhaoine aonair agus do raon leathan comhlachtaí, lena n-áirítear:

- Roinn an Taoisigh
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
- An tSeirbhís Cúirteanna, go háirithe an Chúirt Uachtarach
- An Bord Pleanála
- An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú
- An Coimisiún Imscrúdaithe ar Árais Mháithreachais is Leanaí agus Ábhair Ghaolmhara Áirithe
- An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- An Bord um Ghearáin i gcoinne an Gharda Síochána
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Grúpa Idir-rannach ar Choimisiún Imscrúdaithe ar Árais Mháithreachais is Leanaí
- Cartlann Cheol Traidisiúnta na hÉireann
- *Lloyds Banking Group Archives*
- An Chartlann Mhíleata
- Oifig an Ard-Aighne
- Oifig Chigire na bPríosún
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe
- Ospidéal Naomh Breandán Gráinseach Gormáin
- Ospidéal Naomh Bríd, Béal Átha na Sluaighe
- Ospidéal Dhamhnait, Muineachán
- An tSaotharlann Stáit
- *University of Ulster – Conflict Archive on the Internet (CAIN project)*
- Oifig Luachála